# Tuairisc Bheo Teoranta.

## Ráitis Airgeadais Giorraithe

## Don bhliain dar críoch 31 Bealtaine 2025

**Uimhir Cláraithe: 544493**

**<u>Ráitis Airgeadais Giorraithe</u>**

**TUAIRISC BHEO TEORANTA.**

## Clár


| | Leathanach |
|---|---|
| Dualgaisí na Stiúthóirí | 1 |
| Clár Comhardaithe | 2 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Giorraithe | 3 - 6 |

## <u>Ráitis Airgeadais Giorraithe</u>

## TUAIRISC BHEO TEORANTA.

**Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí**

Tá na Stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí na hÉireann. I ndlí na hÉireann tá dualgas ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fírinneach agus cóir ar staid chúrsaí an Chomhlachta agus ar bhrabús nó chaillteanas don tréimhse sin.

Éilíonn dlí na gcuideachtaí in Éirinn ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí, chin na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann. Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní féidir leis na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh seachas má tá siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Chomhlachta ag dáta deiridh na bliana airgeadais agus ar bharrachas nó ar easnamh an Chomhlachta don bhliain airgeadais agus go gcomhlíonann siad ar gach slí eile Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá dualgas ar na Stiúrthóirí:

-polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
-breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
-na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé mí-oiriúnach a thoimhdiú go leanfaidh an Comhlacht ar aghaidh i mbun gnó.

Dearbhaíonn na Stiúrthóirí gur chloígh siad leis na riachtanais thuasluaite agus na ráitis aigeadais á n-ullmhú acu.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnta staid airgeadais an Chomhlachta, ag am ar bith, agus a ligeann dóibh a chinntiú go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn agus de réir reacht na hÉireann a chuimsíonn Acht na gCuideachta 2014. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní an chomhlacht a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

**Dearbhú na Stiúrthóirí ar na Ráitis Airgeadais Neamhiniúchta**

Maidir leis na Ráitis Airgeadais atá leagtha amach ar leathnaigh 2-6:

Ceadaíonn na Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais agus dearbhaíonn siad go bhfuilid freagrach astu i dteannta polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh. Tá ionchas réasúnach ag na stiúrthóirí go bhfuil dóthain acmhainní ag an comhlacht chun leanúint ar aghaidh i mbun oibriúcháin go ceann i bhfad. Is mar gheall air sin a leanann siad orthu ag glacadh leis an mbonn gnóthais leantaigh agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais.

Dearbhaíonn na Stiúrthóirí chomh fada agus is eol dóibh, go léiríonn na taifid cuntasaíochta gach idirbheart de chuid na cuideachta don bhliain dar críoch 31 Bealtaine 2025.

**Thar ceann an bhoird:**

**Emer Ní Dhomhnaill**
**Stiúrthóir**

**Seán Tadhg Ó Gairbhí**
**Stiúrthóir**

**Dáta: 30 Eanair 2026**

## Ráitis Airgeadais Giorraithe

## TUAIRISC BHEO TEORANTA.

### Clár Comhardaithe
### 31 Bealtaine 2025

| | Nótaí | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | **6** | 5,947 | 16,160 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féithiúnaithe | **7** | 132,655 | 76,609 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | 384,575 | 380,217 |
| | | 517,230 | 456,826 |
| **Creidiúnaithe:** | | | |
| **méideanna dlithe laistigh de bhliain amháin** | **8** | (285,580) | (299,757) |
| **Glan Sócmhainní Reatha** | | 231,650 | 157,069 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | 237,597 | 173,229 |
| **Creidiúnaithe:** | | | |
| **méideanna dlithe tar éis breis agus bhiain amháin** | | (-) | (-) |
| **Glan Sócmhainní** | | 237,597 | 173,229 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal Glaoite Suas | **9** | 100 | 100 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | **11** | 237,497 | 173,129 |
| **Cistí cothromais na ngnáthscairshealbhóirí** | | 237,597 | 173,229 |

Dearbhaíonn na stiúrthóirí go bhfuil:

(1) An comhlacht ag baint feidhme as an ndíolúine curtha ar fáil ag Caibidil 15 de Cuid 6 d'Acht na gCuideachtaí 2014.
(2) An comhlacht ag baint feidhme as an ndíolúine ar an mbonn go bhfuilir ag cloí le hAlt 358.
(3) Nach bhfuil fógra tugtha don gcomhlacht, faoi fo-alt (1) d'Alt 334, faoi réir ag fo-alt (2) don alt sin.
(4) Aird tugtha acu ar dhualgaisí airgeadais an chomhlachta faoi Acht na gCuideachtaí 2014, chun taifeadaí cuntasaíochta cuí a choimeád agus chun Ráitis Airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíor agus cothrom ar na sócmhainní, dliteanais agus seasamh airgeadais an chomhlachta ag deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas na bliana sin agus ar chuma eile chun cloí le soláthair Acht na gComhlachtaí 2014 ag baint le na ráitis airgeadais chomh fada agus a bhaineann siad leis an gcomhlacht.
(5) An comhlacht ag brath ar dhíolúine ainmnithe in Alt 352 d'Acht na gCuideachtaí 2014; tá sé déanta ar an mbonn go bhfuil an comhlacht i dteideal buntáiste na díolúine sin mar chomhlacht beag agus go bhfuil na ráitis airgeadais ghiorraithe ullmhaithe i gceart faoi réir Ailt 353 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Ghlac an bord stiúrtha leis na Ráitis Airgeadais ar an 30 Eanair 2026 agus síníodh iad thar ceann an bhoird ag:

**Seán Tadhg Ó Gairbhí**
**Stiúrthóir**
**Dáta: 30 Eanair 2026**

**Emer Ní Dhomhnaill**
**Stiúrthóir**

## TUAIRISC BHEO TEORANTA.
## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Giorraithe
## don bhliain dar críoch 31 Bealtaine 2025

---

**1. Eolas Ginearálta**

Is cuideachta faoi theorainn scaireanna atá corpraithe in Éirinn í Tuairisc Bheo Teoranta. Is é príomhghníomhaíoch an comhlacht ná seirbhís nuachta Gaeilge a chur ar fáil do phobal uile na Gaeilge, in Éirinn agus thar lear. Is é an seoladh cláraithe agus áit gnó an cuideachta ná Bearna, Co. na Gaillimhe.

**2. Polasaithe Cuntasaíochta**

**2.1 Ráiteas um Chomhlíonadh**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Bealtaine 2025 de réir FRS 102, an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC) mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

**2.2Bunús an Ullmhúcháin**

Tá na ráitis airgeadais réitithe de réir prionsaibail chuntasaíochta a nglactar go coitianta leo faoin gcoinbhinsiún costas stairiúil agus a chloíonn le caighdéain tuairiscithe airgeadais Bhord na gCaighdéan Cuntasaíochta mar atá fógraithe ag Institiúd na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Cloíonn leagan amach na ráitis airgeadais le coinníollacha Acht na gCuideachtaí 2014, agus na rialacháin go léir a fhorléiriú ar aon dul leis na hAcht sin.

**2.3.Comhghnas Cuntasaíochta**

Tá na cuntais seo ullmhaithe de réir nós an chostais stairiúla.

**2.4.Láimhdeachas**

Is ionann an láimhdeachas agus an díolacháin glan le custaiméirí agus ní áirítear Cáin Bhreis Luacha ann.

**2.5.Pinsean**

Soláthraítear sochair phinsin d'fhostaithe trí íocaíochtaí le ciste pinsin ranníocaíochta sainithe agus atá faoi riaradh i gciste neamhspleach ó sochmhainní an comhlacht. Baintear na ranníocaíochtaí as an gCuntas Brabúis agus Caillteanais sa bhliain ina mbíonn siad dlithe.

**2.6.Deontais Rialtais**

Aithnítear deontais chaipitil nuair a fhaightear iad nó nuair a bhítear ag súil lena bhfáil le cinnteacht fhíorúil. Déileáiltear le deontais a fhaightear maidir le sócmhainní seasta inláimhsithe mar chreidmheas iarchurtha agus déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais gach bliain thar shaolré úsáideach eacnamaíoch na sócmhainní seasta inláimhsithe lena mbaineann.

Tá deontais bunaithe ar ioncam curtha chun sochair don chuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar an caiteachas ábhartha a thabhú

**2.7.Sócmhainní Seasta**

Sonraítear sócmhainní seasta de réir a gcostais stairiúil lúide dímheas carntha bunaithe ar a gcostas stairiúil. Déantar dímheas ar sócmhainní seasta, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar trí bliana.

**2.8.Ráiteas Shreabhadh Airgid**

Bhain na stiúrthóirí leas as an díolúine atá in FRS 102 agus dá réir sin, ní chuirtear aon ráiteas faoi shreabhadh airgid i láthair.

**Tuairisc Bheo Teoranta**
**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Giorraithe**
**don bhliain dar críoch 31 Bealtaine 2025**

............... ar lean

**3. Láimhdeachas**

B'as Eirinn a tháinig an láimhdeachas ar fad

**4. Fostaithe**
**Líon na bhfostaithe**
Ba é mean líon na daoine fostaithe ag an comhlacht (stiúrthóirí san aireamh):

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | **Uimhir** | **Uimhir** |
| Bainistíocht & Riaracháin | 2 | 2 |
| Iriseoirí | 8 | 7 |
| | 10 | 9 |

| **Costais Foirne** | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Pá agus tuarastail | 372,675 | 345,852 |
| Costais leasa sóisialta | 24,704 | 22,351 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 22,917 | 24,667 |
| | 420,296 | 392,870 |

**5. Luach saothair na Stiúrthóirí**

| | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Pá agus luach saothair eile | 215,545 | 205,079 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 15,000 | 15,000 |
| | 230,545 | 220,079 |

## Tuairisc Bheo Teoranta
## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Giorraithe
## don bhliain dar críoch 31 Bealtaine 2025

............... ar lean

### 6. Sócmhainní seasta inláimhsithe

| | Ríomhairí | Trealamh Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Ar 1 Meitheamh 2024 | 88,760 | 21,647 | 110,407 |
| Ar 31 Bealtaine 2025 | 88,760 | 21,647 | 110,407 |
| **Dímheas** | | | |
| Ar 1 Meitheamh 2024 | 77,821 | 16,426 | 94,247 |
| Dímheas na Bliana | 6,828 | 3,385 | 10,213 |
| Ar 31 Bealtaine 2025 | 84,649 | 19,811 | 104,460 |
| **Glan-Luach Leabhar:** | | | |
| Ar 31 Bealtaine 2025 | 4,111 | 1,836 | 5,947 |
| Ar 31 Bealtaine 2024 | 10,939 | 5,221 | 16,160 |

### 7. Feichiúnaithe

| | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|
| Feichiúnaithe Trádala | 126,759 | 71,990 |
| Réamhíocaíochtaí | 3,146 | 1,869 |
| Feichiúnaithe Eile | 2,750 | 2,750 |
| | 132,655 | 76,609 |

### 8. Creidiúnaithe - méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádala | 59,643 | 68,878 |
| ÍMAT & ASPC | 782 | 10,981 |
| Cuntas reatha na stiúrthóirí | 13,100 | 12,200 |
| Deontais chaipitil | - | 10,214 |
| Fabhruithe Eile | 173,300 | 151,666 |
| Cáin bhreisluacha & Cáin Corporáide | 38,755 | 45,818 |
| | 285,580 | 299,757 |

............... ar lean

## 9. Scairchaipteal

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Údaraithe** | | |
| 1,000,000 Gnáthscaireanna de €1.00 an ceann | 1,000,000 | 1,000,000 |
| **Leithroinnte agus íoctha go hiomlán** | | |
| 100 Gnáthscaireanna de €1.00 an ceann | 100 | 100 |

Ní raibh aon leas ag na Stiúrthóirí nó ag an Rúnaí a bhí in oifig ar an 31 Bealtaine 2025 i scaireanna an chomhlachta taobh amuigh dóibh seo atá léirithe thíos:

| | Gnáthscaireanna 2025 | Gnáthscaireanna 2024 |
|---|---|---|
| Seán Tadhg Ó Gairbhí (Rúnaí) | 20 | 20 |
| Emer Ní Dhomhnaill | 20 | 20 |
| Seán Ó Mainnín | 20 | 20 |
| Ciarán Ó Suilleabháin | 20 | 20 |
| Micheál Ó Cinnéide | 20 | 20 |

## 10. Iasachtaí Stiúrthóirí

Tá na hiarmhéideanna seo a leanas dlite do na stiúrthóirí ag deireadh na bliana agus tá siad inaisíoctha ar éileamh

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Seán Tadhg Ó Gairbhí (Rúnaí) | 3,500 | 3,500 |
| Seán Ó Mainnín | 1,500 | 1,500 |
| Ciarán Ó Suilleabháin | 8,100 | 7,200 |
| | 13,100 | 12,200 |

## 11. Cuntas Brabús agus Caillteanas

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ag tús an bliana | 173,129 | 53,093 |
| Brabús don bhliain airgeadais | 64,368 | 120,036 |
| Ag deireadh na bliana | 237,497 | 173,129 |

## 12. Dliteanais Theagmhasacha

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh deontais a bheith le haisíoc mura gcloífí leis na coinníollacha i gcomhaontú an deontais.

## 13. Faomhadh na ráitis airgeadais

Rinne na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar 30 Eanair 2026